# I dTreo Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais d'Éirinn Comhairliúchán Poiblí 2021

**Réamhrá**

**Coiste Frithchiníochais Tuarascáil Eatramhach**
Coiste neamhspleách is ea an Coiste Frithchiníochais Náisiúnta (National Anti-Racism Committee) a bhunaigh an Rialtas in 2020 chun Plean Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais a chur le chéile d'Éirinn. Is féidir leat ár mballraíocht agus ár dTéarmaí Tagartha ar fad a fheiceáil anseo.

De réir ár dTéarmaí Tagartha, chuireamar ár **dTuarascáil Eatramhach** faoi bhráid an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (Minister for Children, Equality, Disability, Integration and Youth) i Samhain 2020. Leagtar amach sa tuarascáil na smaointe agus na pleananna tosaigh againne chun an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais a fhorbairt. Is féidir leat rochtain ar an Tuarascáil Eatramhach anseo.

Cuid thábhachtach dár gcuid oibre é dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara, eagraíochtaí nó baill den phobal. Leis na comhairliúcháin seo bíonn deis agus cead cainte ag gach duine maidir leis an gcaoi is féidir linn an ciníochas de gach aon sórt a chomhrac in Éirinn inniu.

Táimid tar éis an doiciméad comhairliúcháin seo a chur le chéile chun a mhíniú céard é ábhar an chomhairliúcháin agus chun réimsí a aibhsiú ar mhaith linn tuairimí agus moltaí a fháil orthusan ach go háirithe.

**Tá tábhacht ag baint leis na tuairimí agatsa chun cabhrú linn bealaí éifeachtacha a fhorbairt chun an ciníochas a chomhrac in Éirinn.**

**Céard is Ciníochas ann?**
Sa Tuarascáil Eatramhach againn, chuireamar in iúl an tuiscint seo a leanas ar an gciníochas chun bheith mar threoir dár gcuid oibre:

> [is éard is ciníochas ann]… *na dinimicí cumhachta atá i láthair sna socruithe, cleachtais, beartais agus noirm chultúrtha, bídís struchtúrtha nó institiúideach, a bhfuil sé mar thoradh orthu daoine aonair nó grúpaí a fhágáil as an áireamh nó idirdhealú a dhéanamh ina gcoinne, bunaithe ar a bhféiniúlacht, mar a shainmhínítear é in Airteagal 1 den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Idirdhealú Ciníoch a Dhíothú, lena bhforáiltear* :
> '*…the term "racial discrimination" shall mean any distinction, exclusion, restriction or preference based on race, colour, descent, or national or ethnic origin which has the purpose or effect of nullifying or impairing the recognition, enjoyment or*

> *exercise, on an equal footing, of human rights and fundamental freedoms in the political, economic, social, cultural or any other field of public life*.'[1]

Aithnímid an trasnachas idir an ciníochas agus cineálacha eile leatroim bunaithe ar inscne, gnéasacht, féiniúlacht inscne, míchumas agus tosca socheacnamaíocha – agus go mbíonn eispéiris difriúla de ghnéithe den chiníochas ag mná, páistí agus fir.

Tuiscint bheo is ea an tuiscint atá glactha againn, atá tógtha ar choincheapa agus oibleagáidí dlíthiúla idirnáisiúnta mar aon le reachtaíocht AE agus Éireannach.

Fadhb shistéamach is ea an ciníochas a bhíonn á léiriú in an-chuid réimsí den tsochaí agus a théann i gcion ar an-chuid gnéithe de shaol na ndaoine.  Tá an ciníochas neadaithe i struchtúir; léirithe agus athghinte in institiúidí, cleachtais, beartais agus noirm chultúrtha; agus bíonn de thoradh aige tríothu siúd daoine aonair nó grúpaí a fhágáil as an áireamh nó idirdhealú a dhéanamh ina gcoinne, bunaithe ar a gcine nó ar a n-eitneacht (náisiúntacht agus ballraíocht i bpobal an Lucht Siúil).

**Is é fírinne an scéil go bhfuil ciníochas in Éirinn. Teastaíonn uainn Plean Gníomhaíochta Náisiúnta atá cuimsitheach, éifeachtach chun é a chomhrac.**

Is é fírinne an scéil go bhfuil ciníochas in Éirinn.  Tá fianaise leanúnach, doiciméadaithe go maith, ann go bhfuil sé neadaithe ag gach leibhéal den tsochaí agus go mbíonn eispéireas de ag grúpaí éagsúla.  Tá an ciníochas nochta a thuilleadh ag an gCOVID – agus bíonn iarmhairtí difreálacha ann i gcás imirceach agus grúpaí eile a mbíonn idirdhealú ciníoch dírithe orthu.

Ag glacadh dúinn leis an bhfianaise le blianta beaga anuas go bhfuil ciníochas ann, ní mór dúinn beart a dhéanamh anois.  Ó tháinig deireadh in 2008 leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais a bhí ann roimhe seo, tá eagraíochtaí sa tsochaí shibhialta ag lorg béim athnuaite náisiúnta, moladh a luadh arís san athbhreithniú ar Éirinn ag Coiste na NA maidir leis an Idirdhealú Ciníoch a Dhíothú in 2019.  D'iarr Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (Irish Human Rights and Equality Commission) chomh maith go bhforbrófaí Plean Gníomhaíochta Náisiúnta nua.

Toirmeasctar an t-idirdhealú ciníoch in Éirinn faoi láthair de réir dlí agus tá an fhuathchaint chiníoch mídhleathach freisin.  Tá sé de dhualgas ar chomhlachtaí poiblí na hÉireann go léir céimeanna gníomhacha a chur uathu chun an t-idirdhealú a dhíothú (an t-idirdhealú ar fhorais cine san áireamh) i gcaitheamh a gcuid oibre.  Tá cur chin an chomhionannais agus an chuimsithe i gcás mionlach eitneach mar sprioc ainmnithe laistigh de líon mór straitéisí rialtais agus beartais phoiblí.  Cuimsítear bearta chun an ciníochas a chomhrac sa Straitéis chun Imircigh a Imeascadh agus sa Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach.  Beidh tábhacht ag baint le roinnt mhaith leasúchán atá á gcur i gcrích faoi láthair

[1] Tuarascáil Eatramhach an Choiste Frithchiníochais Náisiúnta, 2020, 3.

chun na cosaintí dlí atá ag daoine i gcoinne an chiníochais a threisiú. Orthu seo tá reachtaíocht thogartha maidir leis an bhfuathchaint agus rialáil na meán ar líne. Leis na leasúcháin seo tugtar comhartha láidir nach bhfoighneoidh an tsochaí Éireannach le ciníochas de chineál ar bith bheith á imirt ar mhionlaigh.

Maireann an ciníochas agus an t-idirdhealú ciníoch in Éirinn, áfach, in ainneoin na dtoirmeasc dleathach. Ní leor na forálacha agus na tionscnaimh beartais reatha agus tá bearnaí cuíosach mór ann i gcónaí. Beidh an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta mar bhealach chun bearta agus dlíthe atá ann faoi láthair a shuíomh i gcreat níos leithne de bhearta coincréiteacha d'fhonn cur lena n-éifeacht. Tabharfaidh sé isteach chomh maith bearta agus tionscnaimh nua chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní atá ann agus atá ag teacht chun cinn. Ag forbairt na mbeart agus na dtionscnamh nua seo dúinn beidh aird againn ar an trasnachas idir an ciníochas agus an neamhionannas agus an t-idirdhealú ar fhorais eile, mar shampla inscne agus míchumas.

**Is den tábhacht é sonraí maithe comhionannais a bheith agat chun an ciníochas a chomhrac**

Is uirlis ríthábhachtach é an mhonatóireacht ar an gcomhionannas eitneach chun leitheadúlacht an idirdhealaithe chiníoch a nochtadh agus an tionchar a bhíonn aige ar shaol daoine áirithe. Tá sé ríthábhachtach má táthar chun frithbhearta éifeachtacha a fhorbairt. Tá iarrtha arís agus arís eile ag athbhreithnithe idirnáisiúnta ar Chearta an Duine ar Éirinn cur chuige comhsheasmhach a ghlacadh chuici i leith bailithe sonraí dí-chomhbhailithe go heitneach ag soláthraithe seirbhíse poiblí agus grúpaí eile. Tá an méid seo sainaitheanta sa Tuarascáil Eatramhach againn mar mholadh tosaíochta. Aibhseofar sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta bearnaí eile i mbailiú agus úsáid na sonraí, agus measfar ann céard iad na hathruithe a bheadh ina gcabhair againn chun úsáid fheabhsaithe a bhaint as na sonraí sa chomhrac i gcoinne an chiníochais.

**I dTreo Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais d'Éirinn**

Is den tábhacht é go mbeadh an Plean fréamhaithe i dtiomantas do luachanna na gceart daonna, don daonlathas agus do riail an dlí. Ní mór go mbeadh na luachanna seo le sonrú sa chur chuige againn agus mar bhonn eolais ag bearta na sochaí Éireannaí agus iad ag comhrac an chiníochais.

Mar atá ráite sa Tuarascáil Eatramhach againn, tá mar threoir againn inár gcuid oibre an dea-chleachtas maidir le struchtúr agus ábhar na bPleananna Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais mar a leagtar amach iad sa Treoir Phraiticiúil chun Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais a Fhorbairt arna fhoilsiú ag Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine ag na Náisiúin Aontaithe.

Tá mar bhonn eolais ag ár gcuid oibre chomh maith Plean Gníomhaíochta an AE i gcoinne an Chiníochais (2020-2025), atá i gcomhréir le Treoir na NA é féin.

De réir Treoir na NA, tá beartaithe againn Plean Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais a fhorbairt atá:

- *Bunaithe ar chaighdeáin um chearta daonna*
- *Cuimsitheach ina scóip*
- *Tiomantas náisiúnta*
- *Bunaithe ar ghníomh*
- *Doiciméad poiblí*
- *Próiseas leanúnach*
- *Toisí idirnáisiúnta san áireamh.*[2]

**Ag an bpointe seo, ba mhaith linn do thuairimí féin a chloisteáil**

Ag tógáil dúinn ar an tuiscint ar an gciníochas agus ar réimsí imní atá luaite sa Tuarascáil Eatramhach, agus ionchuir ón gcomhairliúchán seo mar bhonn eolais againn, cuimseoimid sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta bearta a bhaineann le gach roinn agus gníomhaireacht rialtais, údaráis, institiúidí agus eagraíochtaí – sna hearnálacha poiblí, príobháideacha agus deonacha - a bhfuil tarchur nó freagracht orthu dul i ngleic leis an gciníochas nó a bhfuil sé ríthábhachtach go mbeidís gafa leis. Díreofar sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta ar na meáin, idir cineálacha traidisiúnta agus cineálacha nua de. Cuimseofar ann bearta chun cearta agus comhionannas a chur chun cinn do gach duine atá ina chónaí in Éirinn.

Chun cabhrú linn an comhairliúchán againn a eagrú, tá roinnt téamaí molta againn lena léirítear fadhbanna a sainaithníodh sa tuarascáil eatramhach againn. Bí cinnte de nár roghnaíomar na téamaí seo mar go measaimid gur sna réimsí seo amháin atá an ciníochas le fáil, ná gurb iad seo amháin na téamaí gur gá díriú orthu sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta. Ní mholtar iad ach chun an plé a spreagadh agus cabhrú le heagrú an chomhairliúcháin. Ba mhian linn chomh maith do thuairimí a chloisteáil maidir le fadhbanna ar bith eile a mheasann tú go mba cheart dúinn iad a mhachnamh i bhforbairt an Phlean.

Tá roinnt ceisteanna curtha ar fáil againn ar gach aon téama chun plé a spreagadh. B'fhéidir go mbeadh na ceisteanna thíos ina gcabhair agat chun struchtúr a chur ar an ionchur agat sa chomhairliúchán. Ach tá cead agat do thuairimí a thabhairt ar na fadhbanna seo gan tagairt do na ceisteanna, agus / nó do thuairimí a thabhairt ar fhadhbanna eile nach bhfuil luaite sa doiciméad seo. Aithnímid chomh maith go mbíonn an-chuid forluí idir na téamaí seo.

**Téama 1: Rochtain ar an gceart**
**Téama 2: Gach cineál meán agus cumarsáidí, teicneolaíochtaí nua san áireamh**
**Téama 3: Fostaíocht, oideachas, sláinte agus cóiríocht**
**Téama 4: Cuimsiú agus rannpháirtíocht**

[2] *Treoir Phraiticiúil chun Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais*, UN OHCR 2014, 3.

1. ***Rochtain ar an gCeart***

Cuimsítear sa téama seo an t-idirdhealú ag údaráis feidhmithe dlí a fhreaschur, lena n-áirítear fadhbanna leis na sáis gearáin, fo-thuairisciú agus cineálacha cúitithe.

- Céard iad na tacaíochtaí ba mhian leat i gcomhair daoine a d'fhulaing mar gheall ar an gciníochas?
- Céard iad na bearta a bheadh éifeachtach chun na baic ar an gceart a bhaint i gcás daoine a d'fhulaing mar gheall ar an gciníochas ?
- Céard iad na bearta a d'fhéadfaí a ghlacadh chun an t-idirdhealú ag údaráis feidhmithe dlí a fhreaschur?
- An measann tú go mbíonn tionchar ag an gciníochas ar dhaoine atá gafa nó a bhfuil cion curtha ina leith sa chóras dlí choiriúil, agus, má mheasann, cén chaoi is féidir é a leigheas?
- An measann tú go mbíonn tionchar ag an gciníochas ar dhaoine atá ciontaithe nó i bpríosún sa chóras dlí choiriúil, agus, má mheasann, cén chaoi is féidir é a leigheas?
- An measann tú go mbíonn tionchar ag an gciníochas ar bhreithiúnas dlí agus sna cúirteanna, agus, má mheasann, céard iad na bearta is gá?
- An bhfuil fadhbanna ar leith ann a bhaineann le ciníochas agus inscne agus rochtain ar an gceart?

2. ***Gach cineál meán agus cumarsáidí, teicneolaíochtaí nua san áireamh***

Cuimsítear sa téama seo na meáin clóite agus traidisiúnta agus an chraoltóireacht, mar aon le meáin shóisialta agus teicneolaíochtaí nua.

- Cé na bearta a mholfá chun dul i ngleic leis an gciníochas i gcineálacha nua agus traidisiúnta de na meáin?
- Cé na bearta a mheasann tú go mbeidís ina gcabhair chun na meáin chraolta agus an preas a dhéanamh níos ionadaíche ag gach leibhéal do mhuintir na hÉireann ar fad?
- Céard iad na dúshláin a chruthaíonn na teicneolaíochtaí nua maidir leis an gciníochas?
- An bhfuil aon deiseanna ag teacht as na teicneolaíochtaí nua chun an troid i gcoinne an chiníochais a threisiú?
- Céard iad na bearta a fhéadfadh na comhlachtaí teicneolaíochta a dhéanamh chun cur in aghaidh an chiníochais?
- Cén ról is féidir leis na comhlachtaí teicneolaíochta a chomhlíonadh chun cur in aghaidh an chiníochais?

3. ***Fostaíocht, Oideachas, Sláinte agus Cóiríocht***

Eochair-réimsí den saol eacnamaíoch agus sóisialta iad seo ina dteastaíonn bearta chun tacú le cuimsiú agus rannpháirtíocht iomlán i measc grúpaí a n-imrítear ciníochas orthu sa tsochaí

agus sa gheilleagar. Orthu seo d'áireofaí an ciníochas a chomhrac san áit oibre; a chinntiú go mbíonn seirbhísí poiblí ceaptha agus seachadta chun gach duine a chuimsiú; agus bearta chun díriú ar an neamhchomhionannas ciníoch maidir le rochtain, rannpháirtíocht agus torthaí ó na seirbhísí oideachais, sláinte agus cóiríochta.

- Cén chaoi ba mhaith leat go ndíreofaí ar an gciníochas in earnáil an oideachais?
- Cén chaoi a bhféadaimid a chinntiú go mbíonn comhionannas ag gach páiste i dtéarmaí rochtana ar sheirbhísí?
- Céard iad na bearta ba mhaith leat go ndéanfaí iad in earnáil na sláinte chun neamhchomhionannais sláinte bunaithe ar an eitneachas a leigheas?
- Céard iad na bearta a bheadh ina gcabhair chun an ciníochas a leigheas sa rochtain ar chóiríocht?
- Céard iad na tionscnaimh agus na bearta ba mhaith leat go ndéanfaí iad chun an ciníochas a leigheas sa rochtain ar fhostaíocht?
- An bhfuil earnálacha ar leith sa bhfórsa oibre gur ceart tosaíocht a thabhairt do bhearta iontu chun an ciníochas a leigheas?
- Cén oiliúint agus tacaíocht eile a bheadh ina gcabhair chun an ciníochas a leigheas san áit oibre?
- Céard iad na bearta a fhéadfaí iad a thabhairt isteach chun an cuimsiú a chur chun cinn sa bhfostaíocht agus sa mhargadh saothair, mar aon le díriú ar chúiseanna bunúsacha an idirdhealaithe?

**4. *Cuimsiú agus Rannpháirtíocht***

Cuimsítear sa téama seo an ról a bhíonn ag an oideachas agus ag an bhfeasacht ag gach leibhéal chun meon agus iompar ciníoch a chomhrac. D'áireofaí air seo bearta chun cur leis an bhfoghlaim faoin éagsúlacht agus an idirdhealú i gcuraclaim fhoirmeálta, comhthéacs nua don stair chun grúpaí agus toisí nach dtugtar aird orthu faoi láthair a chur san áireamh, mar aon le tionscnaimh chun feasacht phoiblí a ardú.

Faoin téama seo beimid ag iarraidh chomh maith na baic ar dhaoine as mionlaigh eitneacha bheith ag glacadh páirte sa pholaitíocht dhaonlathach agus ag seasamh i dtoghcháin áitiúla agus náisiúnta. Machnóimid chomh maith cearta rochtana ar áit nó seirbhís ar bith atá ceaptha i gcomhair úsáide poiblí, mar shampla, iompar, óstáin, bialanna, caiféanna, amharclanna, aiseanna spóirt, faichí agus áiseanna áineasa.

- Céard iad na tionscnaimh a mheasann tú go bhféadfaidís feasacht phoiblí a ardú ar an idirdhealú ciníoch agus steiréitíopaí ciníocha a chomhrac?
- Cén chaoi a bhféadfaimid na baic roimh chuimsiú sóisialta agus rannpháirtíocht grúpaí faoi ghannionadaíocht agus míbhuntáiste a bhaint?
- Cén chaoi a bhféadfaimid a chinntiú go gcuimseofar go sainiúil iad siúd is mó atá imeallaithe?

- Céard iad na tionscnaimh a bheadh ina gcabhair chun a chinntiú go gcuirfeadh an beartas poiblí sa chuntas an ciníochas sistéamach a imrítear ar phobail ar bhonn cine?
- Céard iad na bearta a mholfá chun cur leis an líon daoine as mionlaigh eitneacha a bhíonn ag glacadh páirte sa pholaitíocht dhaonlathach agus ag seasamh i dtoghcháin áitiúla agus náisiúnta?
- Céard iad na bearta is gá chun a chinntiú go mbíonn nósanna imeachta, próisis agus rannpháirtíocht pholaitiúil frithchiníoch?
- Céard iad na bearta is gá chun an ciníochas sa spórt a chomhrac? Céard iad na bearta dearfacha a chuirfeadh leis seo?
- Céard iad na bearta is gá chun feasacht a ardú ar an gciníochas sna healaíona agus sa chultúr agus é a chomhrac? Céard iad na bearta dearfacha a chuirfeadh leis seo?
- Céard iad na bearta is gá chun gafacht idirchultúrtha agus rannpháirtíocht an phobail a chur chun cinn?

Fáilteofar le do thuairimí ar rud ar bith a mheasann tú go bhfuil sé ábhartha d'fhorbairt Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais d'Éirinn. B'fhéidir go mbeadh na ceisteanna ginearálta thíos ina gcabhair agat.

**Ceisteanna Ginearálta**

- Cé na fadhbanna a mheasann tú gurb iad is tábhachtaí i gcás na mionlach?
- Céard iad na tionscnaimh a mheasann tú go mbeidís mar leigheas i gcás bearnaí i mbailiú agus úsáid sonraí?
- Cén chaoi a ndéanfá éifeacht an phlean a thomhas? Cé ba cheart, i do thuairim, bheith gafa le feidhmiú agus monatóireacht na mbeart atá molta sa Phlean?
- Ag aithint duit go gcuimseoidh an Plean Gníomhaíochta mórán fadhbanna, céard iad an dá phríomhréimse a mheasann tú gur ceart tosaíocht a thabhairt dóibh i gcomhair gníomhaithe go luath?
- Cá as a dtiocfaidh an difríocht is mó sa bfadtéarma?
- An dtagann athrú ar eispéireas an chiníochais ag brath ar inscne, aois, claonadh gnéis nó stádas teaghlaigh nó sibhialta an duine?
- Cén trasnachas a bhíonn idir eispéireas an chiníochais agus an míchumas?

**Tá Plean Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais á fhorbairt ag Éirinn. Beidh do thuairimí ina gcabhair chun an Plean seo a chumadh. Ár mbuíochas leat as bheith gafa leis an obair thábhachtach seo.**